Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2024/2085(COD)

1.4.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir leis an an tuarascáil cur chun feidhme ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta
(2024/2085(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Marie-Pierre Vedrenne

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta an méid seo a leanas faoi bhráid an Choiste um Buiséid agus an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar na coistí atá freagrach:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 8 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (CECS), arna fhógairt agus arna shíniú ag an bParlaimint, ag an gComhairle, agus ag an gCoimisiún an 17 Samhain 2017, agus a 20 phrionsabal,

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 8 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal 'The European Pillar of Social Rights Action Plan' [Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)0102) agus do na príomhspriocanna atá beartaithe inti do 2030, lena dtugtar aghaidh ar fhostaíocht, scileanna agus oiliúint, agus laghdú na bochtaineachta,

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 8 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe spriocanna 1, 4, 5, 8 agus 10,

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 8 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[1a],
	[1a] IO L 223, 22.6.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/1004/oj.

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 8 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee' [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] agus a chuirtear in ionad Mholadh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú[1a],
	[1a] IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 dar teideal 'Seimeastar Eorpach 2025 – Pacáiste an Fhómhair' (COM(2024)0700),

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 le haghaidh tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle (COM(2024)0701) (TCPF),

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta,

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 19 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thuarascáil Eurofound an 26 Feabhra 2024 dar teideal 'Social governance of the

Recovery and Resilience Facility: Involvement of the national social partners' [Rialachas sóisialta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta],

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 19 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– Ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach[1a],
	[1a] IO L 275, 25.10.2022, lch. 33, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2022/2041/oj?eliuri=eli%3Adir%3A2022%3A2041%3Aoj&locale=ga.

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris -A (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	-A. de bhrí gur gné chothrománach sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) í gné shóisialta théarnamh an Aontais í; de bhrí gurb é cuspóir ginearálta STA comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe agus acmhainneacht fáis na mBallstát a fheabhsú, trí thionchar

	sóisialta agus eacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 a mhaolú, trí rannchuidiú le cur chun feidhme CECS agus trí thacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos agus le fás inbhuanaithe agus cruthú fostaíochta ardcháilíochta a chothú;

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris –A a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	–Aa. de bhrí go dtagraíonn raon feidhme STA do shé cholún beartais, eadhon:
	(a) an t-aistriú glas;
	(b) an t-aistriú digiteach;
	(c) fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach;
	(d) comhtháthú sóisialta agus críochach;
	(e) sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach; agus
	(f) beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige;
	de bhrí gur gá comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú idir gníomhaíochtaí faoi na colúin uile, i bhfianaise a gcineáil idirghaolmhair;

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
A. de bhrí, leis na hathchóirithe agus	A. de bhrí, leis na hathchóirithe agus

na hinfheistíochtaí a dhéantar ***faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)***, go gcabhraítear leis an Aontas a bheith níos athléimní agus níos neamhspleáiche trí phríomhshlabhraí soláthair a éagsúlú agus neartú á dhéanamh, dá bhrí sin, ar uathriail straitéiseach an Aontais; de bhrí go ndéantar breisluach Eorpach a ghiniúint freisin leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;	na hinfheistíochtaí a dhéantar ***faoi STA***, go gcabhraítear leis an Aontas a bheith níos athléimní agus níos neamhspleáiche trí phríomhshlabhraí soláthair a éagsúlú agus neartú á dhéanamh, dá bhrí sin, ar uathriail straitéiseach an Aontais; de bhrí ***gur cheart*** na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ***a dhéantar faoi STA, a bheith ina rannchuidiú le CECS a chur chun feidhme, le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus le cóineasú sóisialta aníos, gur cheart iad a bheidh ina dtacú le haistriú cothrom chuig geilleagar níos glaise agus níos digití, lena ndéantar iomaíochas na hEorpa a neartú agus, ag an am céanna, lena ndéantar éagothromaíochtaí sóisialta agus críochacha a laghdú agus daoine leochaileacha a chosaint, agus gur cheart*** breisluach Eorpach a ghiniúint freisin; ***de bhrí, leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoi STA, gur cheart cuimsiú sóisialta a áirithiú chomh maith le seirbhísí agus bonneagar poiblí agus sóisialta a neartú;***
Leasú 14	
Tairiscint i gcomhair rúin **Aithris A a (nua)**	
Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Aa. de bhrí go gcuirtear deis ar fáil le STA nach bhfacthas riamh roimhe seo chun aistrithe cothroma agus córa a áirithiú i dtreo na haeráidneodrachta, an digitithe agus an athraithe dhéimeagrafaigh; de bhrí gur cheart aghaidh a thabhairt ar na tionchair shocheacnamaíocha inscne-shonracha sa phróiseas téarnaimh leis; de bhrí gur cheart, leis na bearta, aghaidh a thabhairt ar chosaint shóisialta, fostaíocht ardcháilíochta, tithíocht inacmhainne, agus tacaíocht do ghrúpaí i staideanna leochaileacha chun caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú i gcomhréir le

CECS;

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ab. de bhrí, le blianta beaga anuas, go bhfuil acmhainneacht láidir léirithe ag an Aontas maidir le mórshuaití eacnamaíocha agus sóisialta, go háirithe a bhuí le freagairtí comhordaithe agus ionstraimí nua, amhail STA agus an ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE); de bhrí go raibh na hionstraimí sin ríthábhachtach chun cosc a chur ar théarnamh neamhshiméadrach i measc na mBallstát agus chun leanúint den aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach;

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ac. de bhrí go raibh tionchar éagothrom ag iarmhairtí sóisialta na ngéarchéimeanna, lena ndearnadh difear, go háirithe, do dhaoine aonair agus grúpaí ar ioncam íseal atá i staideanna leochaileacha;

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ba. de bhrí go bhfuil leibhéil éagsúla dul chun cinn bainte amach ag na Ballstáit maidir lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTAnna) a chur chun feidhme; de bhrí go bhfuarthas amach i dtuarascáil speisialta 13/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[1a] go mbeadh deacrachtaí ag na Ballstáit suim iomlán na gcistí leithdháilte a ionsú faoin 31 Lúnasa 2026 agus go raibh rioscaí fós ag baint leis na bearta a chur i gcrích sa dara leath de chur chun feidhme STA; de bhrí gur cuireadh moill ar chur chun feidhme, mar thoradh, inter alia, ar mhéadú ar bhoilsciú, ar dheacrachtaí soláthair phoiblí, ar ghanntanais soláthair agus ar luaineachtaí i bpraghsanna margaidh; de bhrí, agus cur chun feidhme STA á mheas, go bhfuil sé fíor-riachtanach na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm agus na struchtúir atá ann cheana a nuashonrú;

[1a] Tuarascáil speisialta 13/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2024 dar teideal 'Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ag déileáil le moilleanna, ach tá rioscaí fós ann a mhéid a bhaineann le bearta a chríochnú agus cuspóirí RFF a bhaint amach'.

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
F. de bhrí go n-éilíonn rialú daonlathach éifeachtach agus grinnscrúdú parlaiminteach ar chur chun feidhme ***RRF*** rannpháirtíocht iomlán Pharlaimint na	F. de bhrí go n-éilíonn rialú daonlathach éifeachtach agus grinnscrúdú parlaiminteach ar chur chun feidhme ***STA*** rannpháirtíocht iomlán Pharlaimint na

hEorpa agus breithniú a dhéanamh ar a moltaí uile ag gach céim;	hEorpa agus breithniú a dhéanamh ar a moltaí uile ag gach céim; ***de bhrí go bhfuil an comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ríthábhachtach freisin chun bearta an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (PNTA) a ullmhú agus a chur chun feidhme agus gur ceanglas é faoi Rialachán STA;***

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fa. de bhrí go bhfuarthas amach sa TCPF go raibh measúnú na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta míchothrom i ndáil lena rannpháirtíocht i gcur chun feidhme STA in 2023; de bhrí go bhfuil na creata institiúideacha éagsúil maidir le rannpháirtíocht a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta, ós rud é gur bhunaigh roinnt Ballstát socruithe agus nósanna imeachta sonracha, cé gur úsáid Ballstáit eile cainéil maidir le hidirphlé sóisialta agus, i roinnt bheag tíortha, go raibh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach trí chomhlachtaí nua nó trí ghrúpaí oibre sonracha arna gcruthú i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh nó chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na PTAnna; de bhrí gur cheart do na Ballstáit cómhargáil agus idirphlé sóisialta a chur chun cinn, i gcomhréir le Moladh ón gComhairle maidir le hidirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach[1a], in éineacht le rannpháirtíocht thráthúil agus thábhachtach na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le ceapadh beartas ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear i

ndáil le pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a chur chun feidhme;

[1a] Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (IO C, C/2023/1389, 6.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1389/oj).

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fb. De bhrí, de réir TCPF 2025, go meastar go rannchuideoidh 2 201 cheann de na 7 129 ngarsprioc agus sprioc a áirítear sna 27 PTA le beartais shóisialta (thart ar 31 %) agus go ndéanfaidh 505 cheann de na 1 742 gharsprioc agus sprioc a comhlíonadh ón 14 Samhain 2024 beartais shóisialta a chothú (thart ar 30 %);

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fc. de bhrí go bhfuil dúshlán roimh an Aontas maidir le sochaí atá ag dul in aois agus ina bhfuil laghdú réamh-mheasta ann i ndáil le rátaí athsholáthair phinsin sna dhá scór bliain atá amach romhainn, agus tá ráta éilimh ard bainteach le riachtanais cúraim fhadtéarmaigh cheana féin agus é ag dul i méid; de bhrí go bhfuil an riosca a bhaineann le bochtaineacht nó eisiamh sóisialta i measc seanóirí fós buan, ach go

	measstar go dtitfidh rátaí athsholáthair phinsin maidir le gairm a mhaireann 40 bliain i bhformhór thíortha an Aontais, agus, i gcásanna áirithe, go dtiocfaidh titim 20 pointe céatadáin ar na rátaí sin;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
G. de bhrí nach mór don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ex post a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme ***RRF*** faoin 31 Nollaig 2028, ina mbeidh measúnú domhanda ar ***RRF*** agus ina mbeidh faisnéis faoina thionchar san fhadtéarma;	G. de bhrí nach mór don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ex post a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme ***STA*** faoin 31 Nollaig 2028, ina mbeidh measúnú domhanda ar ***STA*** agus ina mbeidh faisnéis faoina thionchar san fhadtéarma; ***lena n-áirítear na sonraí maidir le torthaí sóisialta;***

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ga. de bhrí nach mór do gach Ballstát ar a laghad 20 % dá leithdháileadh faoina PTA a dhíriú ar bhearta lena rannchuidítear leis an aistriú digiteach nó a dhíriú ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thagann astu; de bhrí gur céimeanna fíor-riachtanacha i dtreo aistriú digiteach a bhaint amach iad scileanna digiteacha an phobail i gcoitinne a fheabhsú, borradh a chur faoi aistriú digiteach na ngnólachtaí, raon na seirbhísí poiblí a mhéadú agus dlús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal suaitheanta r-Rialtais;

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Gb. de bhrí nach raibh ar a laghad bunscileanna digiteacha ach ag 55,56 % de dhaoine fásta[1a]; de bhrí gurbh é ceann amháin de spriocanna digiteacha an Aontais go mbeidh ar a laghad bunscileanna digiteacha ag 80 % de dhaoine fásta faoi 2030; de bhrí gur gá don Aontas foirmeacha uile ganntanais scileanna chomh maith le bearnaí soláthair agus éilimh a shárú chun a chaipiteal daonna a bharrfheabhsú; de bhrí gur cheart rochtain a bheith ag gach duine ar bhonneagar digiteach cuí agus ar oiliúint i scileanna digiteacha, ar mhaithe le comhionannas deiseanna sa chóras oideachais agus ar an margadh saothair; de bhrí go ndearnadh athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha i mbunscileanna, lena n-áirítear athbhreithnithe curaclaim, ach nach ndearnadh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair leo go leormhaith, rud a fhágann go dteastaíonn iarrachtaí breise a dhéanamh ar fud an Aontais chun treochtaí atá ag dul i meath a aisiompú;

[1a] Eurostat, 'Bunachar Sonraí', https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/sdg_04_70/default/table; Eurostat, '56 % of EU people have basic digital skills' [Tá bunscileanna digiteacha ag 56 % de dhaoine], 15 Nollaig 2023, https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/ddn-20231215-3.

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. ***á thabhairt chun suntais*** gur ionstraim dlúthpháirtíochta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana é ***RRF*** i bhfianaise dhá ghéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus gur bunchloch d'ionstraim NGEU é, a dtiocfaidh deireadh leis in 2026; á thabhairt chun suntais go bhfuil éifeacht chobhsaíochta ag ***RRF*** do na Ballstáit tráth a bhfuil éiginnteacht mhór eacnamaíoch ann, toisc go maolaíonn sé iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus sóisialta ***agus go dtacaíonn sé le rialtais trí*** rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;	1. ***á aithint*** gur ionstraim dlúthpháirtíochta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana é ***STA*** i bhfianaise dhá ghéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus gur bunchloch d'ionstraim NGEU é, a dtiocfaidh deireadh leis in 2026; á thabhairt chun suntais go bhfuil éifeacht chobhsaíochta ag ***STA*** do na Ballstáit tráth a bhfuil éiginnteacht mhór eacnamaíoch ann, toisc go maolaíonn sé iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus sóisialta ***na ngéarchéimeanna; á mheabhrú gur cuspóir ginearálta STA é*** rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ***chun Eoraip shóisialta níos láidre a chruthú agus chun comhtháthú sóisialta a neartú agus, ar an gcaoi sin, athléimneacht fhadtéarmach a threisiú ar fud an Aontais; á chur i bhfios go láidir gur cheart an aidhm sin a neartú a thuilleadh trína áirithiú go ndéantar infheistíocht phoiblí fhadtéarmach i seirbhísí ardcháilíochta sóisialta poiblí agus trí bhearta a chur chun cinn lena laghdaítear neamhionannais do chách;***

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1a. á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag STA maidir le comhtháthú sóisialta agus críochach a chur chun cinn trí dhul i ngleic le bochtaineacht, lena laghdaítear dífhostaíocht agus lena ndéantar téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach a chothú; á thabhairt dá haire gur ceann de na príomhspriocanna a leagtar síos i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta is ea ráta fostaíochta 78 % a bhaint amach san Aontas faoi

2030; á chur i dtábhacht, cé gur féidir an sprioc sin a bhaint amach, go bhfuil céimeanna breise ag teastáil ar gach leibhéal chun rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht a ghníomhachtú sa mhargadh saothair agus chun níos mó daoine a mhealladh sa mhargadh saothair; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hathchóirithe agus infheistíochtaí uaillmhianacha atá ailínithe le prionsabail CECS, lena dtugtar tosaíocht d'fhostaíocht ardcháilíochta chomh maith le cuimsiú na ngrúpaí leochaileacha, lena dtugtar aghaidh ar mhímheaitseáil scileanna agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus lena ndéantar idirphlé sóisialta, bonneagar agus córais cosanta sóisialta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha agus ar athléimneacht mhargadh an tsaothair fhadtéarmaigh; á thabhairt le fios, bunaithe ar na figiúirí is déanaí atá ar fáil, gur ghlac os cionn 16,3 milliún duine páirt in oideachas nó in oiliúint agus go bhfuair siad tacaíocht ó STA agus go bhfuair os cionn 2,1 milliún duine fostaíocht nó go raibh siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí cuardaithe poist;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1b. á chur chun suntais go bhfuil infheistíochtaí agus athchóirithe STA lena ndírítear ar an gcéad ghlúin eile, go háirithe san oideachas agus maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí ardcháilíochta, ríthábhachtach do chóineasú sóisialta fadtéarmach; á aithint go bhfuil sé fíor-riachtanach infheistíocht a dhéanamh i bhfolláine leanaí agus in oideachas ar ardchaighdeán chun comhtháthú sóisialta agus cobhsaíocht

eacnamaíoch a bheith ann; á chur i bhfáth, maidir le bearta lena ndírítear ar an gcéad ghlúin eile, chomh maith le leanaí agus daoine óga sna PNTAnna, go bhfuil siad dírithe ar oideachas agus cúram luath-óige, ar oideachas agus oiliúint, ar bhonneagar scoile a fheabhsú, ar thacaíocht a thabhairt do leanaí faoi mhíbhuntáiste agus ar fhostaíocht don aos óg; á thabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, go leithdháiltear leis na PNTAnna thart ar EUR 56,4 billiún ar an gcolún sin agus go dtugtar le fios i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiún go bhfuil dul chun cinn nithiúil déanta ag na Ballstáit, ar tuarascáil í inar tuairiscíodh i ndáil le 259 gceann as na 665 gharsprioc agus sprioc gur chuir na Ballstáit i gcrích iad nó gur chomhlíon an Coimisiún iad faoin 31 Lúnasa 2024; ag tabhairt dá haire ráta dul chun cinn 39 %, lena n-áirítear 21 % d'iarratais ar íocaíocht a ndearnadh measúnú orthu, agus ag tabhairt dá haire na bhfigiúirí atá ar fáil, lena léirítear go bhfuair os cionn 9,4 milliún duine idir 15-29 mbliana d'aois tacaíocht trí STA; ag iarraidh ar na Ballstáit iarrachtaí a neartú a thuilleadh faoin gcolún sin i gcomhréir le cuspóirí na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí, Straitéis Cúraim na hEorpa, na moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige agus an cuspóir maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ardcháilíochta;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1c. á chur chun suntais gurb amhlaidh, in éineacht le cistí an bheartais comhtháthaithe, go dtacaíonn cur chun feidhme an athchóirithe agus na n-infheistíochtaí maidir le PTAnna na

mBallstát le fás cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe, agus go ndéantar, ar an gcaoi sin, cruthú post a mhéadú agus cobhsaíocht airgeadais agus infheistíocht a chur chun cinn; á chur i bhfáth, le STA, anuas ar an tacaíocht a sholáthraítear le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste um Aistriú Cóir agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, go gcuirtear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais chun cinn trí fheabhas a chur ar iomaíochas, athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe, agus acmhainneacht fáis na mBallstát, agus trí chruthú post ardcháilíochta a chothú trí athchóirithe agus trí infheistíocht ábhartha a dhéanamh; á thabhairt dá haire gur chuir na Ballstáit bearta iomadúla san áireamh ina PNTAnna chun tacú le comhtháthú sóisialta agus críochach, amhail na bearta atá tiomnaithe do rochtain ar mhargadh an tsaothair, cosaint agus cuimsiú sóisialta, agus bonneagar agus seirbhísí críochacha; á thabhairt dá haire gur leithdháileadh, leis na 27 PNTA, thart ar EUR 261,2 billiún ar an gcolún sin, agus gur tuairiscíodh i ndáil le 1 064 cheann as na 2 888 ngarsprioc agus sprioc gur chuir na Ballstáit i gcrích iad nó gur chomhlíon an Coimisiún iad faoin 31 Lúnasa 2024[1a]; á chur i dtábhacht gur ráta dul chun cinn 37 % atá i gceist leis sin, lena n-áirítear 20 % d'iarratais ar íocaíocht a ndearnadh measúnú orthu;

[1a] Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, 'Recovery and Resilience Facility: State of play and way forward' [an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Staid na himeartha agus an bealach chun cinn], mí Feabhra 2025, https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2025/765765/EPRS_IDA(2025)765765_EN.pdf.

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil spás fioscach sealadach breise curtha ar fáil ag ***RRF*** ó bhí an phaindéim ann agus gur rannchuidigh sé le héagsúlachtaí idir na Ballstáit ***a bhfuil spás fioscach éagsúil acu*** a chosc; ag cur sonrú i bhfionnachtain an Choimisiúin go bhfuil méadú leanúnach tagtha ar infheistíochtaí ar fud an Aontais mar thoradh ar ***RRF*** agus go bhfuil an Coimisiún ag dréim leis go mbeidh tionchar buan ag ***RRF*** ar fud an Aontais i ndiaidh 2026 i bhfianaise na sineirgí atá aige le cistí eile de chuid an Aontais;	2. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil spás fioscach sealadach***,*** breise ***agus cobhsaitheach*** curtha ar fáil ag ***STA*** ó bhí an phaindéim ann agus gur rannchuidigh sé le héagsúlachtaí idir na Ballstáit a chosc ***trí thacaíocht thapa agus dhíreach a chur ar fáil dóibh***; ag cur sonrú i bhfionnachtain an Choimisiúin go bhfuil méadú leanúnach tagtha ar infheistíochtaí ar fud an Aontais mar thoradh ar ***STA*** agus go bhfuil an Coimisiún ag dréim leis go mbeidh tionchar buan ag ***STA*** ar fud an Aontais i ndiaidh 2026 i bhfianaise na sineirgí atá aige le cistí eile de chuid an Aontais; ***á chur i bhfáth, áfach, gur cheart tosaíocht a thabhairt arís d'infheistíochtaí sóisialta chun tionchar buan a áirithiú, go háirithe i dtéarmaí tithíochta, bochtaineachta fuinnimh, cuimsithe dhigitigh, margaí saothair dea-fheidhmiúla agus rochtana cothroime ar sheirbhísí poiblí ardcháilíochta do chách;***

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2a. á thabhairt dá haire go bhfuil nasc láidir ag Rialachán STA, chomh maith leis an Seimeastar Eorpach mar chreat chun tosaíochtaí athchóirithe náisiúnta a shainaithint, le prionsabail CECS; á chur i bhfáth, leis na bearta sna PTAnna a bhfuil coinne leis go ndéanfar beartais shóisialta a chothú leo, nach ndéantar aghaidh a thabhairt ar phrionsabail uile

	CECS go cothrom, agus nach gcumhdaítear roinnt prionsabal ach de bheagán nó nach bhfuil siad ailínithe le hábhar na mbeart; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar na PTAnna ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna CECS a bhaint amach agus chun anailís dhí-chomhiomlánaithe a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndearnadh aghaidh a thabhairt ar gach prionsabal leis na bearta a áirítear sna PTAnna;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2b. á mheabhrú gur chuidigh cur chun feidhme STA ag na Ballstáit, chomh maith le cistí eile de chuid an Aontais, amhail SURE, le margaí saothair a chosaint ar an mbaol go ndéanfaí damáiste fadtéarmach mar gheall ar shuaitheadh eacnamaíoch dúbailte na paindéime agus na géarchéime fuinnimh; á thabhairt dá haire gur shroich rátaí fostaíochta na leibhéil is airde riamh i mí na Bealtaine 2023, agus gur tháinig laghdú ar an dífhostaíocht go dtí an leibhéal is ísle riamh, thart ar 6 %, agus go bhfuil sí fós íseal ó shin; á mheabhrú, áfach, go bhfuil an dífhostaíocht i measc na hóige fós ard i gcónaí, ar ráta 15 % ar an meán ar fud an Aontais agus os cionn 20 % i roinnt Ballstát; ag chur chun suntais, i ndáil leis an méid sin, na ngealltanas faoin Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, rud a leanann d'athchóirithe struchtúrtha a chur chun cinn agus a thugann tacaíocht d'infhostaitheacht don aos óg; ag iarraidh ar na Ballstáit, i ndáil leis an méid sin, tosaíocht a thabhairt don Ráthaíocht threisithe don Aos Óg ina PTAnna agus dlús a chur lena n-infheistíochtaí san oideachas, san

	oiliúint agus sa tacaíocht fostaíochta do dhaoine óga faoi cholún na chéad ghlúine eile;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2c. ag cur chun suntais iarrachtaí éagsúla na mBallstát i dtreo cláir athchóirithe agus infheistíochta rialála agus neamhrialála a thabhairt isteach chun stoc tithíochta sóisialta a mhéadú agus chun tacú le hinacmhainneacht tithíochta, amhail cláir nua um thithíocht inacmhainne agus um iasachtú fóirdheonaithe, cláir athchóirithe tithíochta sóisialta do na grúpaí is leochailí agus tacaíocht rialtasach do bhardais maidir le tionscadail agus athchóirithe tithíochta nua; ag iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ar thithíocht shóisialta inacmhainne nó ar chúnamh tithíochta ardcháilíochta dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu, i gcomhréir le Prionsabal 19 de CECS; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an ceart atá ag daoine leochaileacha chun cúnamh ábhartha a fháil agus chun cosanta ar dhíshealbhú éigeantach a chosaint, agus a thábhachtaí atá sé dídean agus seirbhísí leordhóthanacha a chur ar fáil do dhaoine gan dídean chun cuimsiú sóisialta na ndaoine sin a chur chun cinn;

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. ag cur sonrú i réamh-mheastachán an Choimisiúin in 2024 maidir le hionchas thionchar NGEU ar fhíor-olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais faoi 2026, atá i bhfad níos ísle ná a ionsamhlú in 2020 (1,4 % i gcomparáid le 2,3 %) agus an meastachán go bhféadfadh méadú suntasach gearrthréimhseach ar fhostaíocht an Aontais suas le 0,8 % a bheith mar thoradh ar NGEU; ***ag tabhairt*** dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhféadfadh tairbhí fadtéarmacha ***RRF*** maidir le OTI a bheith idir trí agus sé huaire níos mó ná buiséad NGEU a eisíoctar, ag brath ar éifeachtaí táirgiúlachta infheistíocht ***RRF***; ***á thabhairt chun suntais***, áfach, a dheacra atá sé tionchar beacht sóisialta agus eacnamaíoch ***RRF*** a chainníochtú, ós rud é ***nach mbíonn tionchar*** na n-athchóirithe ***soiléir ach i ndiaidh do mhoill a bheith ann***; ag cur sonrú i bhfionnachtain an Choimisiúin go mbaineann thart ar leath den mhéadú ionchasach ar infheistíocht phoiblí idir 2019 agus 2025 le hinfheistíochtaí a mhaoinítear le buiséad an Aontais, go háirithe le ***RRF***;	3. ag cur sonrú i réamh-mheastachán an Choimisiúin in 2024 maidir le hionchas thionchar NGEU ar fhíor-olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais faoi 2026, atá i bhfad níos ísle ná a ionsamhlú in 2020 (1,4 % i gcomparáid le 2,3 %) agus an meastachán go bhféadfadh méadú suntasach gearrthréimhseach ar fhostaíocht an Aontais suas le 0,8 % a bheith mar thoradh ar NGEU; ***á thabhairt*** dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhféadfadh tairbhí fadtéarmacha ***STA*** maidir le OTI a bheith idir trí agus sé huaire níos mó ná buiséad NGEU a eisíoctar, ag brath ar éifeachtaí táirgiúlachta infheistíocht ***STA***; ***á chur i bhfáth***, áfach, a dheacra atá sé tionchar beacht sóisialta agus eacnamaíoch ***STA*** a chainníochtú, ós rud é ***go dtógann sé tamall ar éifeachtaí*** na n-athchóirithe ***a chur i gcrích, agus á chur i bhfios go láidir gur cheart infheistíochtaí a mheas, nach amháin ar bhonn fáis eacnamaíoch, ach ar bhonn a mhéid a rannchuidíonn siad le CECS a chur chun feidhme chomh maith, lena laghdaítear neamhionannais, lena bhfeabhsaítear coinníollacha mhargadh an tsaothair agus cruthú post ardcháilíochta, agus lena ndéantar aistriú cothrom a áirithiú***; ag cur sonrú i bhfionnachtain an Choimisiúin go mbaineann thart ar leath den mhéadú ionchasach ar infheistíocht phoiblí idir 2019 agus 2025 le hinfheistíochtaí a mhaoinítear le buiséad an Aontais, go háirithe le ***STA***;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3a. á chur chun suntais gur scrogaill dháiríre iad ganntanais saothair agus

scileanna maidir le fás, iomaíochas agus aistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais, a mbíonn tionchar acu ar earnálacha difriúla agus ar na Ballstáit, bíodh nach ionann an tionchar sin ó cheann go chéile acu, agus go bhfuil iarmhairtí ann maidir le hathléimneacht fhoriomlán an Aontais agus gurb amhlaidh, d'ainneoin na tábhachta a bhaineann le foghlaim aosach, go bhfuil rannpháirtíocht inti sin fós teoranta ar fud na mBallstát; á chur i bhfáth go bhféadfaí le bearta STA borradh a chur faoi infheistíochtaí i scileanna agus in oiliúint oibrithe le linn shaolré na n-oibrithe sin chun córais oideachais agus oiliúna a bhaint amach lena bhfreagraítear ar bhealach níos fearr d'éilimh scileanna athraitheacha agus chun torthaí margaidh saothair níos fearr a fháil i dtéarmaí chainníocht agus cháilíocht na bpost; ag iarraidh ar na Ballstáit níos mó tacaíochta a thabhairt do bhearta chun rannpháirtíocht i bhfoghlaim aosach a mhéadú, lena ndírítear go sonrach ar dhaoine aonair ar bheagán oiliúna, toisc go bhfuil cuntais foghlama aonair agus micridhintiúir á bhforbairt ag an-chuid tíortha agus go gcreideann siad go bhféadfadh sé a bheith úsáideach anailís bhreise a dhéanamh ar bhearta STA sa réimse sin chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbearta; á mheabhrú gur saoirse bhunúsach í saorghluaiseacht oibrithe agus go bhféadfadh ról suntasach a bheith ag soghluaisteacht lucht saothair laistigh den Aontas chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna; ag spreagadh na mBallstát chun réamhaisnéis scileanna Cedefop a úsáid ina réamh-mheastacháin ar threochtaí fostaíochta amach anseo in earnálacha, i ngairmeacha agus i gcáilíochtaí maidir le dearadh agus cur chun feidhme na mbeart sna PNTAnna lena ndéantar aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna;

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3b. á thabhairt dá haire go rannchuidíonn STA, i measc nithe eile, le poist, foghlaim aosach agus scileanna, nuachóiriú institiúidí mhargadh an tsaothair agus oideachas ginearálta, gairmoideachas agus ardoideachas; á chur i bhfios go láidir gurb é is aidhm do na bearta sin aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshláin maidir le cáilíocht, cothromas agus ábharthacht margaidh saothair na gcóras oideachais agus oiliúna ar fud an Aontais, lena n-áirítear d'fhonn dul i ngleic le ganntanais scileanna; ag iarraidh ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt do nuachóiriú ardoideachais ar ardchaighdeán trí athchóirithe agus bearta rialachais chun borradh a chur faoi idirnáisiúnú agus chun comhshaol taighde agus nuálaíochta atá dinimiciúil agus éifeachtach a chruthú atá dírithe ar thorthaí;

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. ag tabhairt dá haire gur dhreasaigh an RRF cur chun feidhme roinnt athchóirithe a áirítear sna moltaí tírshonracha a rinneadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ***agus*** go n-úsáidtear Scórchlár ***RRF*** chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, chomh maith le prionsabail	4. á thabhairt dá haire ***go gceanglaítear le STA ar na PNTAnna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha mar réamhriachtanas chun measúnú dearfach a dhéanamh; á aithint*** gur dhreasaigh ***STA*** cur chun feidhme roinnt athchóirithe a

chothrománacha a chomhlíonadh, agus go háirithe na sé cholún, eadhon an t-aistriú glas, an claochlú digiteach, fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, comhtháthú sóisialta agus críochach, an tsláinte, athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, agus beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear an t-oideachas;

áirítear sna moltaí tírshonracha a rinneadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, ***ach gur shainaithin CIE roinnt bearnaí atá fós ann maidir le gnéithe áirithe de mholtaí tírshonracha a fhágáil ar lár; á mheabhrú*** go n-úsáidtear Scórchlár ***STA*** chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, chomh maith le comhlíonadh na bprionsabal cothrománach, agus go háirithe na sé cholún, eadhon an t-aistriú glas, an claochlú digiteach, fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach ***– lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, poist, táirgiúlacht, iomaíochas, taighde, forbairt agus nuálaíocht, agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil ina bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) láidre –*** comhtháthú sóisialta agus críochach, sláinte, athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, agus beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear an t-oideachas ***agus scileanna***; ***ag iarraidh ar an gCoimisiún a leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ghanntanais saothair agus scileanna chomh maith le dúshláin ghaolmhara san Aontas i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear trí phlé téamach a dhéanamh, chun roinnt an eolais agus na ndea-chleachtas a chur chun cinn i measc na mBallstát; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí infheistíochtaí atá dírithe ar fheabhas a chur ar neamhspleáchas na ndaoine faoi mhíchumas;***

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. á mheabhrú gur cheart STA a bheith ina thacú le haistriú

déimeagrafach an Aontais i gcomhréir le CECS trí fhostaíocht agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, poist ardcháilíochta le haghaidh oibrithe scothaosta a áireamh, infheistíocht a dhéanamh i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, caighdeáin mhaireachtála leormhaithe a áirithiú sa tseanaois trí phinsin inbhuanaithe agus leordhóthanacha, agus infheistíocht leormhaith a áirithiú maidir le cúram fadtéarmach (CFT) chun tacú le haosú sláintiúil agus inbhuanaithe; á chur in iúl gur cúis imní di, de réir JTCPF 2025, go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsin agus go dtiocfaidh méadú ar riachtanais cúraim fhadtéarmaigh, rud a dhéanfaidh na dúshláin struchtúrtha atá ann cheana a ghéarú i leith rochtain, inacmhainneacht agus cháilíocht CFT; á chur i bhfáth gurb amhlaidh i sochaí atá ag dul in aois, go bhfuil gá le meascán de bheartais leathana chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht airgeadais pinsean a áirithiú; á chur in iúl go gcreideann sí gur gá do na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh maidir le leordhóthanacht pinsean agus cáilíocht seirbhísí CFT, agus trí na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe freisin a áirítear ina PTAnna i gcomhréir le Prionsabal 15 agus Prionsabal 18 de CECS; ag iarraidh ar na Ballstáit athchóirithe pinsean réamhbhreathnaitheacha a chur chun feidhme nach amháin chun inbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú, ach chun leordhóthanacht pinsean a neartú freisin, lena ndéantar caighdeán cuibhiúil maireachtála a áirithiú do chách;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4b. á thabhairt dá haire, d'ainneoin infheistíochtaí méadaithe san Aontas, go bhfuil fíorphá san Aontas agus i bhformhór na mBallstát fós faoi na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, cé go bhfuil fostaíocht fhorbhásach fós ina cúis imní; á chur i bhfáth, maidir leis an laghdú beag ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta in 2023, go dtugtar chun suntais leis sin an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí a neartú a thuilleadh chun tacaíocht agus cumhdach ioncaim leormhaith a áirithiú i gcomhréir le Prionsabal 14 de CECS; á thabhairt faoi deara go ndearna roinnt Ballstát a gcreata pá íosta a leasú nó go bhfuil sé beartaithe acu iad a leasú i gcomhthéacs a gcuid PTAnna; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé athchóirithe a dhéanamh atá ceaptha chun leibhéil pá íosta a mhéadú i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta, chun iad a bheith ailínithe leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach, agus ag tathant ar na Ballstáit nach bhfuil an méid sin déanta acu go fóill beart a dhéanamh maidir leis an tsaincheist sin; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíochtaí agus athchóirithe uaillmhianacha chun poist ardcháilíochta a chruthú, dálaí oibre ardcháilíochta a chothú, an bhochtaineacht agus deighilt mhargadh an tsaothair a chomhrac, agus idirphlé sóisialta agus cómhargáil a neartú i gcomhréir le CECS;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4c. ag tabhairt dá haire iarrachtaí leanúnacha na mBallstát chun rochtain ar sheirbhísí sóisialta chomh maith le cáilíocht seirbhísí sóisialta a fheabhsú, amhail Léarscáil Náisiúnta Sheirbhísí Sóisialta a ghlacadh chun bearnaí sa soláthar a shainaithint agus chun riachtanais infheistíochta a chinneadh, chomh maith le hinfheistíocht i saoráidí nua cúraim sláinte agus i dteilileigheas chun go mbeadh seirbhísí níos gaire d'othair, straitéisí sláinte chun rochtain ar sheirbhísí sláinte a fheabhsú ar fud na dtíortha, agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair cúraim sláinte agus chun coinneáil oibrithe a fheabhsú trí oiliúint agus dreasachtaí a chur ar fáil; ag iarraidh ar na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh rochtain uilíoch ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a áirithiú, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach; á chur chun suntais gur príomhchuid de théarnamh socheacnamaíoch an Aontais í an mheabhairshláinte agus gur tosaíocht sláinte ceirde í chomh maith; á chur in iúl gur cúis imní di nár chuir roinnt Ballstát bearta leordhóthanacha san áireamh chun cúram meabhairshláinte inrochtana, inacmhainne, agus ardcháilíochta a áirithiú ina gcuid PNTAnna agus ag iarraidh ar na Ballstáit straitéisí meabhairshláinte tiomnaithe a chomhtháthú in athbhreithnithe ar na PNTAnna amach anseo;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4d. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an deis ann le STA chun seirbhísí fostaíochta poiblí agus beartais gníomhachtaithe fostaíochta a neartú; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh idirphlé maidir leis an gcaoi a gcumhdófar costais seirbhísí nua chomh maith lena gcostais ghaolmhara tar éis dheireadh STA;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. á chur in iúl gur geal léi go gcuireann ***RRF*** tacaíocht ar fáil d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon sna Ballstáit, ach ***ag tabhairt*** dá haire go bhfuil ***go leor*** fós le déanamh; á chur in iúl gur cúis ***bhuartha*** di nach bhfágfaidh an tréimhse ghearr do chur chun feidhme ***RRF*** atá fágtha go bhféadfar roinnt athchóirithe tábhachtacha atá beartaithe agus infheistíochtaí móra a chur chun feidhme;	6. á chur in iúl gur geal léi go gcuireann ***STA*** tacaíocht ar fáil d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon sna Ballstáit, ach ***á thabhairt*** dá haire go bhfuil ***an-chuid*** fós le déanamh***; á chur i bhfáth gur constaicí suntasacha iad moilleanna agus saincheisteanna a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin roimh leas iomlán a bhaint as na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le STA;*** á chur in iúl gur cúis ***imní*** di nach bhfágfaidh an tréimhse ghearr do chur chun feidhme ***STA*** atá fágtha go bhféadfar roinnt athchóirithe tábhachtacha agus infheistíochtaí móra atá beartaithe a chur chun feidhme***, lena leagtar béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí níos dírithe a bhfuil níos mó dlús curtha leo chun a áirithiú go mbainfear acmhainneacht STA amach, go háirithe maidir le réimsí criticiúla i ndáil le cobhsaíocht, fás agus comhtháthú sóisialta fadtéarmach***; ***á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur leis an gcur chun feidhme agus cur leis an úsáid a bhaineann siad as treoir theicniúil tríd an gCoimisiún agus faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil;***

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á thabhairt chun suntais, agus tosaíocht á tabhairt do chur chun feidhme ***RRF***, gur ***rannchuidigh*** an easpa acmhainneacht riaracháin i roinnt mhaith Ballstát agus na dúshláin a bhaineann le slabhraí soláthair domhanda le cur chun feidhme moillithe an bheartais ***chomhtháthaithe***; á mheabhrú ***gur gá*** prionsabal na breisíochta ***a urramú agus á iarraidh nach ndéanfaí*** an ***beartas*** comhtháthaithe ***a phlódú*** amach ná nach ndéanfaí an RRF ná ionstraimí sealadacha eile a chur in ionad an bheartais ***chomhtháthaithe***;	7. á thabhairt chun suntais, agus tosaíocht á tabhairt do chur chun feidhme ***STA, mar gheall ar acmhainní breise suntasacha REACT-EU a cuireadh ar fáil don tréimhse chéanna***, an easpa acmhainneacht riaracháin i roinnt mhaith Ballstát agus na dúshláin a bhaineann le slabhraí soláthair domhanda, ***chomh maith le dáta deiridh an 31 Nollaig 2023 do thréimhse incháilitheachta comhtháthaithe 2014-2020,*** gur ***rannchuidíodh*** le cur chun feidhme moillithe an bheartais ***comhtháthaithe***; á mheabhrú ***gurb amhlaidh, i gcomhréir le*** prionsabal na breisíochta***, gur cheart plódú*** amach an ***bheartais comhtháthaithe nó STA nó*** ionstraimí sealadacha eile a chur in ionad an bheartais ***comhtháthaithe*** a sheachaint; ***á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh an Coimisiún anailís ar fáil maidir leis an bhfíormhéid infheistíochta sóisialta nua a cruthaíodh faoi na PNTAnna;***

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. á mheabhrú, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arb é is aidhm dó ardleibhéal fostaíochta, cosaint shóisialta chothrom, lucht saothair oilte athléimneach, agus sochaithe cuimsitheacha/comhtháthaithe a bhaint amach mar ghné ríthábhachtach chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht

	agus á chur i bhfáth go bhfuil gá le sineirgí le caiteachas STA faoi na colúin ábhartha; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart don Choimisiún bealaí a shainaithint chun cabhrú leis na Ballstáit dlús a chur le húsáid chistí an Aontais agus feabhas a chur ar ionsú, agus bainistiú fónta airgeadais á urramú ag an am céanna;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. á chur in iúl gur geal léi go bhféadfaí cistiú ***RRF*** a úsáid chun rannchuidiú le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) trí thacú le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla san Aontas chun borradh a chur faoina iomaíochas tionsclaíoch;	10. á chur in iúl gur geal léi go bhféadfaí cistiú ***STA*** a úsáid chun rannchuidiú le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) trí thacú le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí criticiúla san Aontas ***agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá ríthábhachtach do phoist ardcháilíochta sna réimsí sin, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta,*** chun borradh a chur faoina iomaíochas tionsclaíoch ***agus cearta na n-oibrithe á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith le bearnaí idir na hinscní á laghdú san earnáil teicneolaíochta***;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. ***ag tabhairt dá haire*** nár iarr ach 13 Bhallstát iasachtaí agus nach n-úsáidfear EUR 92 bhilliún den EUR 385.8 billiún atá ar fáil ós rud é nár gealladh an méid sin faoin spriocdháta an 31 Nollaig 2023; ag tabhairt dá haire go raibh iasachtaí	13. ***á chur in iúl gur oth léi*** nár iarr ach 13 Bhallstát iasachtaí agus nach n-úsáidfear EUR 92 bhilliún den EUR 385.8 billiún atá ar fáil ós rud é nár gealladh an méid sin faoi spriocdháta an 31 Nollaig 2023; ag tabhairt dá haire go

tarraingteach do na Ballstáit a raibh costais iasachtaíochta níos airde orthu ar na margaí airgeadais nó a d'fhéach le laghdú ar dheontais ***RRF*** a chúiteamh; á mheabhrú gur mhol Parlaimint na hEorpa sciar níos airde deontas ná iasachtaí agus á mheas go bhfuil gá le plé polaitiúil maidir le cistí nár caitheadh a úsáid i bhfianaise buiséid phoiblí theanna;	raibh iasachtaí tarraingteach do na Ballstáit a raibh costais iasachtaíochta níos airde orthu ar na margaí airgeadais nó a d'fhéach le laghdú ar dheontais ***STA*** a chúiteamh; á mheabhrú gur mhol an Pharlaimint sciar níos airde deontas ná iasachtaí agus á mheas go bhfuil gá le plé polaitiúil maidir le cistí nár caitheadh a úsáid i bhfianaise buiséid phoiblí theanna ***agus gá suntasach le hinfheistíocht i roinnt réimsí, go háirithe díothú na bochtaineachta, cuimsiú sóisialta, soláthar tithíochta, seirbhísí poiblí agus sóisialta, neartú an idirphlé shóisialta, cruthú post ardcháilíochta agus beartais scilithe, lena n-áirítear scileanna glasa agus digiteacha;***

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16a. á mheabhrú go gceanglaítear ar an gCoimisiún le STA, i gcomhréir le hAirteagal 19(3)(c) de Rialachán STA agus le mír 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, measúnú a dhéanamh ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhtháthú PNTAnna de chuid na mBallstát, agus critéir á gcur san áireamh lena n-áirítear an méid a rannchuidíonn siad le hacmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach an Bhallstáit a neartú, lena rannchuidítear le cur chun feidhme CECS, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bheartais a chur chun cinn do leanaí agus don óige, agus le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsaítear, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas; á thabhairt dá haire

	go n-éilítear leis an gcritéar sin an scór is airde den mheasúnú;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
18. á chur in iúl gur geal léi gur sháraigh na Ballstáit uile na spriocanna don aistriú glas (37 %) agus don aistriú digiteach (20 %), agus gurb ionann meánchaiteachas i dtreo chuspóirí aeráide agus digiteacha ***RRF*** ina iomláine agus 42 % agus 26 % faoi seach; ag tabhairt dá haire gur chaith CIE amhras ar an gcaoi ar rannchuidigh cur chun feidhme bhearta ***RRF*** leis an aistriú glas agus gur mhol sí feabhsuithe ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar ar an aeráid; á thabhairt chun suntais gur ann do na heasnaimh mhodheolaíochta chéanna ar fud cholúin uile ***RRF***;	18. á chur in iúl gur geal léi gur sháraigh na Ballstáit uile na spriocanna don aistriú glas (37 %) agus don aistriú digiteach (20 %), agus gurb ionann meánchaiteachas i dtreo chuspóirí aeráide agus digiteacha ***STA*** ina iomláine agus 42 % agus 26 % faoi seach; á thabhairt dá haire gur chaith CIE amhras ar an gcaoi ar rannchuidigh cur chun feidhme bhearta ***STA*** leis an aistriú glas agus gur mhol sí feabhsuithe ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar ar an aeráid; á thabhairt chun suntais gurb ann do na heasnaimh mhodheolaíochta chéanna ar fud cholúin uile ***STA agus ag iarraidh ar an gCoimisiún moltaí CIE a chur i bhfeidhm go cothrománach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá na táscairí maidir le cur chun feidhme phrionsabail agus phlean gníomhaíochta CECS; ag iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an bParlaimint, le linn an idirphlé téarnaimh agus hathléimneachta, chun athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí sóisialta i gcomhréir le Dearbhú Porto, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta;***

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
19. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh tionchar nithiúil a bheith ag ***RRF*** ar chuspóirí sóisialta, agus é beartaithe ag na Ballstáit thart ar EUR 163 bhilliún a chaitheamh; ***á chur i bhfáth gur gá dlús a chur le hinfheistíochtaí san fhorbairt ar cheantair thuaithe agus iargúlta***, ***i gcosaint*** shóisialta ***agus i lánpháirtiú grúpaí leochaileacha, agus i bhfostaíocht don aos óg, áit a bhfuil*** caiteachas ag ***titim ar gcúl; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún grinnmheastóireacht, faoin Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, ar na tionscadail agus ar na hathchóirithe a bhaineann leis an*** oideachas agus ***le daoine óga arna gcur chun feidhme ag*** na Ballstáit faoi ***RRF***;	19. á thabhairt dá haire go bhféadfadh tionchar nithiúil a bheith ag ***STA*** ar chuspóirí sóisialta, agus é beartaithe ag na Ballstáit thart ar EUR 163 bhilliún a chaitheamh, ***arb é atá i gceist leis sin 25 % den chaiteachas measta iomlán, agus á thabhairt dá haire gurb amhlaidh, go dtí seo, gur eisíoc an Coimisiún thart ar EUR 269 mbilliún faoi STA i ndeontais, in iasachtaí agus i réamh-mhaoiniú; á thabhairt dá haire, tar éis na n-athbhreithnithe ar PNTAnna, go bhfuil beagnach 30 % den chaiteachas sóisialta measta á thiomnú d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe san*** oideachas agus ***i gcúram leanaí agus do chúram sláinte agus fadtéarmach faoi seach, agus go bhfuil 25 % á thiomnú d'fhostaíocht agus do scileanna agus go bhfuil an chuid eile á thiomnú do bheartais shóisialta[1a]; á iarraidh ar na*** Ballstáit ***díriú ar 30 % ar a laghad de chaiteachas STA*** faoi ***na colúin ábhartha i dtreo infheistíochtaí sóisialta faoin spriocdháta íocaíochta;***
	[1a] COM(2024)0474, lch. 19.

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	19a. á chur i bhfáth gur gá dlús a chur le hinfheistíochtaí sa mhéid seo a leanas: cosaint shóisialta agus seirbhísí sóisialta poiblí a neartú, pinsin leordhóthanacha, cúram fadtéarmach, infhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta, go háirithe tithíocht shóisialta, dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh

	sóisialta – go háirithe bochtaineacht leanaí – oideachas agus cúram luath-óige, gairmoiliúint agus oiliúint oideachais do dhaoine fásta agus forbairt scileanna, grúpaí i staideanna leochaileacha a chuimsiú, amhail mná, leanaí, teaghlaigh aontuismitheora, daoine faoi mhíchumas, imircigh, Romaigh, daoine LADTIA, daoine óga agus seanóirí, tacú le fostaíocht don aos óg, nuachóiriú institiúidí mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear réamhaisnéis scileanna agus idirphlé sóisialta, agus forbairt limistéar tuaithe agus iargúlta ina bhfuil an caiteachas ag titim ar gcúl; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht , faoin Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, chun éifeachtacht na n-infheistíochtaí sóisialta a rianú;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. á chur in iúl gur geal léi an rannchuidiú a rinneadh faoi cholún an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, go háirithe leis an iomaíochas agus leis an tacaíocht do FBManna; ag tabhairt dá haire gur gá dlús a chur le hinfheistíochtaí sa chomhar trasnáisiúnta, i dtacaíocht d'fhiontair, agus in athruithe rialála ar mhaithe le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, atá ag titim ar gcúl;	20. á chur in iúl gur geal léi an rannchuidiú a rinneadh faoi cholún an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, go háirithe leis an iomaíochas agus leis an tacaíocht do FBManna; á thabhairt dá haire gur gá dlús a chur le hinfheistíochtaí sa chomhar trasnáisiúnta, i dtacaíocht d'fhiontair ***agus d'oibrithe***, agus in athruithe rialála ar mhaithe le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, atá ag titim ar gcúl; ***á chur i bhfáth gur cheart, le téarnamh cuimsitheach, tosaíocht a thabhairt don gheilleagar sóisialta mar phríomhspreagadh fáis inbhuanaithe agus chothroim;***

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20a. á mheabhrú gur luach bunaidh de chuid an Aontais é an cothromas idir fir agus mná, de réir mar a chumhdaítear sna Conarthaí; á chur in iúl gur oth léi, dá bhrí sin, nach ceann de cholúin Rialachán STA é an comhionannas inscne; á mheabhrú gur cheart a áireamh sna PNTAnna bearta a rannchuidíonn le comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách, i gcomhréir le CECS, chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a chur chun cinn agus deighilt inscnebhunaithe i margadh an tsaothair a laghdú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil 136 (fho-)bheart sna PNTAnna athbhreithnithe agus béim á leagan ar chomhionannas inscne agus á thabhairt dá haire go bhfuil tionchar dearfach ag athchóirithe agus infheistíochtaí eile ar féidir lena gcur chun feidhme rannchuidiú go mór leis an gcomhionannas inscne, amhail bearta chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar chúram leanaí agus ar chúram do dhaoine spleácha agus scileanna digiteacha a fhorbairt; á chur in iúl gur oth léi nár áirigh dhá Bhallstát aon bheart a bhí dírithe go sainráite ar rannchuidiú le comhionannas inscne ina PNTAnna agus gur áirigh roinnt Ballstát eile líon measartha íseal díobh sin;

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
28. ag tathant ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill riaracháin agus	28. ag tathant ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill riaracháin agus

inniúlacht riaracháin leordhóthanach a sholáthar chun dlús a chur le cur chun feidhme ***RRF*** i bhfianaise spriocdháta 2026 agus gan tionscadail ***RRF*** a dhíriú i réigiúin agus i bpríomhchathracha níos forbartha trí chur ar chumas chistí ***RRF*** sreabhadh isteach i dtionscadail sna réigiúin is leochailí, lena bhfreastalaítear, dá bhrí sin, ar chuspóir ***RRF*** comhtháthú sóisialta, críochach agus eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú; á iarraidh go gcuirfí síneadh uathoibríoch ***12*** mhí le tionscadail a bhfuil ráta cur chun feidhme 20 % ar a laghad acu roimh spriocdháta 2026; á chur in iúl gur geal léi go bhféadfaí córas tosaíochta agus aistrithe a bhunú tar éis spriocdháta 2026 chun go bhféadfar tionscadail leanúnacha a thabhairt chun críche trí scéimeanna cistiúcháin eile, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Infheistíochta agus ciste nua Eorpach iomaíochais a d'fhéadfadh a bheith ann;	inniúlacht riaracháin leordhóthanach a sholáthar chun dlús a chur le cur chun feidhme ***STA*** i bhfianaise spriocdháta 2026 agus gan tionscadail ***STA*** a dhíriú i réigiúin agus i bpríomhchathracha níos forbartha trí chur ar chumas chistí ***STA*** sreabhadh isteach i dtionscadail sna réigiúin is leochailí, lena bhfreastalaítear, dá bhrí sin, ar chuspóir ***STA*** comhtháthú sóisialta, críochach agus eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú; á iarraidh go gcuirfí síneadh uathoibríoch ***18*** mhí le tionscadail a bhfuil ráta cur chun feidhme 20 % ar a laghad acu roimh spriocdháta 2026; á chur in iúl gur geal léi go bhféadfaí córas tosaíochta agus aistrithe a bhunú tar éis spriocdháta 2026 chun go bhféadfar tionscadail leanúnacha a thabhairt chun críche trí scéimeanna cistiúcháin eile, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Infheistíochta agus ciste nua Eorpach iomaíochais a d'fhéadfadh a bheith ann;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 39

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
39. á chur in iúl gur oth léi rannpháirtíocht neamhleor na n-údarás áitiúil agus réigiúnach (LRAnna), eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhpháirtithe sóisialta, parlaimintí náisiúnta agus geallsealbhóirí ábhartha eile i ndearadh, athbhreithniú nó cur chun feidhme na ***NRRPanna***; á mheabhrú go bhfuil rannpháirtíocht LRAnna, na n-údarás náisiúnta agus na n-údarás sin atá freagrach as na beartais sin a fhorbairt ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar ***RRF***, mar a luaitear in Airteagal 28 de Rialachán ***RRF***; á mheabhrú gur thacaigh Parlaimint na hEorpa le foráil cheangailteach ***san RRF*** chun idirphlé il-leibhéil a bhunú chun ***geallsealbhóirí*** ábhartha a rannpháirtiú agus chun ullmhú	39. á chur in iúl gur oth léi rannpháirtíocht neamhleor, i roinnt Ballstát, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach (LRAnna), eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhpháirtithe sóisialta, parlaimintí náisiúnta agus geallsealbhóirí ábhartha eile i ndearadh, athbhreithniú nó cur chun feidhme na ***PNTAnna***, ***mar a leagtar amach in Airteagal 18(4)(q) de Rialachán STA, agus ag cur i bhfáth na tábhachta a bhaineann le rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i mbearta a bhaineann le beartais shaothair agus shóisialta;*** á mheabhrú go bhfuil rannpháirtíocht LRAnna, na n-údarás náisiúnta agus na n-údarás sin atá freagrach as na beartais sin a fhorbairt ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar ***STA***, mar a luaitear

agus cur chun feidhme na ***NRRPanna*** a phlé leo, le tréimhse chomhairliúcháin shoiléir; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag ***geallsealbhóirí*** i gcur chun feidhme na ***NRRPanna***, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus bunaithe ar phrionsabail shoiléire thrédhearcacha;

in Airteagal 28 de Rialachán ***STA***; á mheabhrú gur thacaigh Parlaimint na hEorpa le foráil cheangailteach ***in STA*** chun idirphlé il-leibhéil a bhunú chun ***páirtithe leasmhara*** ábhartha a rannpháirtiú agus chun ullmhú agus cur chun feidhme na ***PNTAnna*** a phlé leo, le tréimhse chomhairliúcháin shoiléir; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag ***páirtithe leasmhara*** i gcur chun feidhme na ***PNTAnna***, ***lena ndéantar próiseas rannpháirtíochta cuimsitheach agus trédhearcach a áirithiú,*** i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus bunaithe ar phrionsabail shoiléire thrédhearcacha; ***á chur in iúl go gcreideann sí nach mór rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a bheith cáilíochtúil chomh maith le cainníochtúil, lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach i bpróisis mhonatóireachta agus mheastóireachta, agus á mheabhrú gur cheart dul i gcomhairle le páirtithe ábhartha sula ndéanfar pleananna athbhreithnithe a údarú;***

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	31.3.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 40 –: 11 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maravillas Abadía Jover, Grégory Allione, Nikola Bartůšek, Vilija Blinkevičiūtė, Rachel Blom, Andrzej Buła, Estelle Ceulemans, Leila Chaibi, Henrik Dahl, Johan Danielsson, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Elena Donazzan, Gheorghe Falcă, Chiara Gemma, Niels Geuking, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Sérgio Humberto, Irena Joveva, Martine Kemp, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Marit Maij, Idoia Mendia, Maria Ohisalo, João Oliveira, Aodhán Ó Ríordáin, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Villy Søvndal, Pál Szekeres, Georgiana Teodorescu, Romana Tomc, Jana Toom, Raffaele Topo, Brigitte van den Berg, Marie-Pierre Vedrenne, Mariateresa Vivaldini, Petar Volgin, Jan-Peter Warnke, Séverine Werbrouck
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Borys Budka, Vivien Costanzo, Andi Cristea, Klára Dobrev, Estrella Galán, Rudi Kennes, Pierfrancesco Maran, Benedetta Scuderi, Andrea Wechsler, Angelika Winzig
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Salvatore De Meo

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

40	+
Feisire Neamhcheangailte	Jan-Peter Warnke
EPP	Maravillas Abadía Jover, Borys Budka, Andrzej Buła, Salvatore De Meo, Gheorghe Falcă, Niels Geuking, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Romana Tomc, Andrea Wechsler, Angelika Winzig
An Grúpa Renew Europe	Grégory Allione, Irena Joveva, Jana Toom, Brigitte van den Berg, Marie-Pierre Vedrenne
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa	Vilija Blinkevičiūtė, Estelle Ceulemans, Andi Cristea, Johan Danielsson, Klára Dobrev, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Marit Maij, Pierfrancesco Maran, Idoia Mendia, Aodhán Ó Ríordáin, Raffaele Topo
An Chlé	Leila Chaibi, Estrella Galán, Rudi Kennes, João Oliveira
Na Glasaigh/SCE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo, Benedetta Scuderi, Villy Søvndal

11	-
CLE	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Georgiana Teodorescu, Mariateresa Vivaldini
An Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach'	Petar Volgin
TdE	Nikola Bartůšek, Rachel Blom, Marie Dauchy, Mélanie Disdier, Pál Szekeres, Séverine Werbrouck

1	0
EPP	Henrik Dahl

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh